CINNEADHÓN gCOIMISIÚN

an 16 Nollaig 2020

maidir le treoir a thabhairt don Riarthóir Lárnach Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh chun athruithe ar tháblaí náisiúnta leithdháilte na Gearmáine a chur isteach i Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh

(2021/C 115/02)

TÁ COIMISIÚN AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ([1]),

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 389/2013 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2013 lena mbunaítear Clárlann de chuid an Aontais de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Chinneadh Uimh. 280/2004/CE agus Chinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 920/2010 agus (AE) Uimh. 1193/2011 ón gCoimisiún ([2]), agus go háirithe an dara fomhír d'Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Aibreán 2011, ghlac an Coimisiún Cinneadh 2011/278/AE ([3]) lena gcinntear rialacha uile-Aontais idirthréimhseacha le haghaidh lamháltais astaíochtaí a leithdháileadh saor in aisce ar bhealach comhchuibhithe de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE.

(2) An 5 Meán Fómhair 2013, ghlac an Coimisiún Cinneadh 2013/448/AE ([4]) maidir le bearta náisiúnta trasuite le haghaidh leithdháileadh idirthréimhseach saor in aisce na lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh na tréimhse 2013-2020.

(3) Le Cinneadh 2014/9/AE ([5]), rinne an Coimisiún Cinneadh 2010/2/AE ([6]) agus Cinneadh 2011/278/AE a leasú maidir le liosta earnálacha agus fo-earnálacha a mheastar a bheith i mbaol suntasach sceite carbóin (dá ngairtear "liosta sceite carbóin" anseo feasta).

([1]) IO L 275, 25.10.2003, lch. 32.

([2]) IO L 122, 3.5.2013, lch. 1.

([3]) Cinneadh 2011/278/AE ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2011 lena gcinntear rialacha uile-Aontais idirthréimhseacha le haghaidh lamháltais astaíochtaí a leithdháileadh saor in aisce ar bhealach comhchuibhithe de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 130, 17.5.2011, lch. 1).

([4]) Cinneadh 2013/448/AE ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2013, maidir le bearta náisiúnta trasuite le haghaidh leithdháileadh idirthréimhseach saor in aisce na lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 240, 7.9.2013, lch. 27).

([5]) Cinneadh 2014/9/AE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 lena leasaítear Cinneadh 2010/2/AE agus Cinneadh 2011/278/AE maidir leis na hearnálacha agus fo-earnálacha a mheastar a bheith i mbaol suntasach sceite carbóin (IO L 9, 14.1.2014, lch. 9).

([6]) Cinneadh 2010/2/AE ón gCoimisiún an 24 Nollaig 2009 lena gcinntear, de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, liosta earnálacha agus fo-earnálacha a mheastar a bheith i mbaol suntasach sceite carbóin (IO L 1, 5.1.2010, lch. 10).

(4) Le Cinntí C(2013) 9281 ([7]), C(2014) 123 ([8]), C(2014) 674 ([9]) agus C(2014) 1167 ([10]), thug an Coimisiún treoir do Riarthóir Lárnach Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh chun táblaí náisiúnta leithdháilte agus táblaí náisiúnta leithdháilte athbhreithnithe na Beilge, na Bulgáire, na Seice, na Danmhairge, na Gearmáine, na hEastóine, na hÉireann, na Gréige, na Spáinne, na Fraince, na Cróite, na hIodáile, na Cipire, na Laitvia, na Liotuáine, Lucsamburg, na hUngáire, na hÍsiltíre, na hOstaire, na Polainne, na Portaingéile, na Rómáine, na Slóivéine, na Slóvaice, na Fionlainne, na Sualainne agus na Ríochta Aontaithe a chur isteach i Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh.

(5) Le Cinneadh C(2019)4184, thug an Coimisiún treoir don Riarthóir Lárnach chun tábla náisiúnta leithdháilte na Gearmáine a athrú tar éis an fhógra ó Údarás Thrádáil Astaíochtaí na Gearmáine, lena n-áiríodh an tsuiteáil polaiméiriúcháin DE-210619. Na sonraí a tuairiscíodh chun an leithdháileadh saor in aisce a ríomh, bhí siad bunaithe ar chothromú teasa mícheart idir foshuiteálacha i mbaol sceite carbóin agus foshuiteálacha nach bhfuil i mbaol sceite carbóin, agus dá thoradh sin bhí 1 876 lamháltas in easnamh ar a leithdháileadh. Dá bhrí sin, de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 52(2) de Rialachán (AE) Uimh. 389/2013, thug an Ghearmáin fógra don Choimisiún, le litir dar dáta an 5 Deireadh Fómhair 2020, maidir le hathruithe ar a tábla náisiúnta leithdháilte a bhaineann le suiteáil DE-210619.

(6) Le Cinneadh C(2019)4184, thug an Coimisiún treoir don Riarthóir Lárnach chun tábla náisiúnta leithdháilte na Gearmáine a athrú tar éis an fhógra ó Údarás Thrádáil Astaíochtaí na Gearmáine, lena n-áiríodh an tsuiteáil polaiméiriúcháin DE-210620. Na sonraí a tuairiscíodh chun an leithdháileadh saor in aisce a ríomh, bhí siad bunaithe ar chothromú teasa mícheart idir foshuiteálacha i mbaol sceite carbóin agus foshuiteálacha nach bhfuil i mbaol sceite carbóin, agus dá thoradh sin bhí 3 217 lamháltas in easnamh ar a leithdháileadh. Dá bhrí sin, de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 52(2) de Rialachán (AE) Uimh. 389/2013, thug an Ghearmáin fógra don Choimisiún, le litir arna dátú an 5 Deireadh Fómhair 2020, maidir le hathruithe ar a tábla náisiúnta leithdháilte a bhaineann le suiteáil DE-210620.

(7) Measann an Coimisiún go bhfuil na hathruithe ar thábla náisiúnta leithdháilte na Gearmáine, ar tugadh fógra fúthu, i gcomhréir le Treoir 2003/87/CE agus Cinneadh 2011/278/AE. Dá bhrí sin, ba cheart treoir a thabhairt do Riarthóir Lárnach Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh na hathruithe sin a chur isteach i Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Cuirfidh Riarthóir Lárnach Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh na hathruithe ar thábla náisiúnta leithdháilte na Gearmáine isteach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Nollaig 2020.

Thar ceann an Choimisiúin
Frans TIMMERMANS
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin

([7]) Cinneadh C(2013) 9281 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 maidir le treoir a thabhairt do Riarthóir Lárnach Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh chun táblaí náisiúnta leithdháilte na hOstaire, na Gréige, na hÉireann, na Laitvia, na hÍsiltíre, na Portaingéile, na Sualainne agus na Ríochta Aontaithe a chur isteach i Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh.

([8]) Cinneadh C(2014) 123 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2014 maidir le treoir a thabhairt do Riarthóir Lárnach Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh chun táblaí náisiúnta leithdháilte Phoblacht na Seice, na Danmhairge, na Fraince, na Liotuáine, na hUngáire agus na Slóvaice a chur isteach i Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh.

([9]) Cinneadh C(2014) 674 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2014 maidir le treoir a thabhairt do Riarthóir Lárnach Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh chun táblaí náisiúnta leithdháilte na Beilge, na Gearmáine, na hEastóine, Lucsamburg, na Slóivéine agus na Fionlainne a chur isteach i Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh.

([10]) Cinneadh C(2014) 1167 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2014 maidir le treoir a thabhairt do Riarthóir Lárnach Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh chun táblaí náisiúnta leithdháilte na Bulgáire, na Spáinne, na Cróite, na hIodáile, na Cipire, na Laitvia, na Polainne, na Rómáine agus na Ríochta Aontaithe a chur isteach i Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh.

IARSCRÍBHINN

Athruithe ar an tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na tréimhse 2013-2020 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE (Bearta náisiúnta trasuite)

Ballstát: an Ghearmáin

Is iad seo a leanas na leithdháiltí athraithe sa tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na suiteálacha sonraithe:

Uimhir aitheantais na suiteála (Iontrálaithe nua agus clabhsúir)	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm an oibreora	Ainm na suiteála	Cainníocht atá le leithdháileadh								Cainníocht atá le leithdháileadh arna modhnú le sonraí iontrálaithe nua agus clabhsúr trí shuiteáil
				2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	
DE-new-14616-0168	2 10619	Dow Olefinverbund GmbH	Polyethylen-Anlage / Train 4 in Leuna	0	0	0	0	0	2 654	2 565	2 478	7 697
DE-new-14616-0169	2 10620	Dow Olefinverbund GmbH	Polyethylen-Anlage / Train 5 in Leuna	0	0	0	0	0	8 012	7 484	6 974	22 470